**An Ról agus an Duine**

Beidh an tOifigeach Seirbhísí TF freagrach as oibriú laethúil chórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide in Údarás na Gaeltachta agus as aon teagmhais nó fadhbanna a bhaineann leo a réiteach chomh tapaidh agus is féidir nuair a tharlaíonn siad.

Beidh an ról freagrach freisin as tacaíocht a thabhairt don Líonra Digiteach (gTeic) agus tacú le tionscadail theicniúla nuair atá siad ar bun, ar nós forbairt na hIntleachta Saorga don Ghaeilge, agus aon tograí TF eile.

Beidh sé/sí freagrach as cothabháil leanúnach a dhéanamh ar chórais chrua-earraí, córais bhogearraí oibriúcháin, bunachair sonraí, agus an bonneagar gaolmhar chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm agus go gcomhlíonann siad polasaithe agus caighdeáin TFC.

Glacfidh sé/sí páirt i dtionscadail trí chomhairle theicniúil a roinnt le feidhmeanna eile agus téann i dteagmháil le soláthraithe seachtracha agus comhairleoirí chun córais nua a chur i bhfeidhm.

Beidh sé/sí freagrach as gach gné den bhonneagar TFC - freastalaithe, líonraí stórála, áiseanna cúltaca, líonraí WIFI, líonraí áitiúla agus leathanbhanda Ceanncheathrú agus Oifigí Réigiúnacha an Údaráis, ríomhairí deisce agus ríomhairí glúine, agus córais oibriúcháin ghaolmhara, seirbhísí cumarsáide soghluaiste agus seasta agus cothabháil sheirbhíse Inlín an Údaráis.

Oibreoidh an duine le conraitheoirí tacaíochta 3ú páirtí chun caighdeán ard a chinntiú do gach comhghleacaí.

Tá sé mar bhunriachtanas go mbeidh an té a cheapfar líofa i labhairt agus scríobh sa Ghaeilge.

Beidh an post lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Tá Polasaí Oibre Cumaisc i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta; tá an polasaí forbartha i gcomhréir leis an gCreat-Pholasaí Oibre Cumaisc d'Eagraíochtaí Státseirbhíse a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe in 2022. Beidh deis iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc tar éis thréimhse phromhaidh an phoist a bheith curtha i gcrích.

**ÚDARÁS NA GAELTACHTA**

**<u>Oifigeach Seirbhísí Teicneolaíocht Faisnéise</u>**

**Sonraíocht Imlíneach Poist**

| | |
|---|---|
| <u>Teideal an Phoist:</u> | Oifigeach Seirbhísí Teicneolaíocht Faisnéise |
| <u>Tréimhse an Chonartha:</u> | Conradh Sainchuspóra - 1 bhliain |
| <u>Tuairisciú:</u> | Stiúrthóir Fiontraíochta, Fostaíochta agus Inbhuanaitheachta |
| <u>Aidhm an róil:</u> | Bonneagar agus seirbhísí TF na heagraíochta a chothabháil, a bhainistiú agus tacaíocht a thabhairt dóibh go héifeachtach, ag cinntiú slándáil, iontaofacht agus feidhmíocht uasta na gcóras chun riachtanais oibriúcháin na heagraíochta a chomhlíonadh. |

Chuige sin, seo a leanas na príomhchúramaí a bheidh ar an té a cheapfar sa ról seo:

<u>Príomhchúraimí:</u>

<u>Oibríochtaí agus Tacaíocht</u>

- Seiceálacha rialta a dhéanamh ar chórais chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí TF agus cumarsáide ag feidhmiú i gceart agus ar fáil gach lá.
- Fadhbanna a bhaineann le bristeacha seirbhíse a aithint agus a réiteach go héifeachtach de réir mar a ardaítear iad leis an Rannóg.
- Monatóireacht rialta a dhéanamh ar chórais chun iad a choinneáil slán ó ionsaithe víreas, bogearraí mailíseacha, agus spíonbhogearraí, chomh fada agus is féidir.
- Cúltacaí rialta a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil cóipeanna reatha de chórais agus sonraí ar fáil i gcónaí.
- Cuntais úsáideoirí a chothabháil i gceart trí iad a chruthú, a mhodhnú, nó a bhaint de réir mar is gá.
- Oibriú leis an Líonra Digiteach chun tacaíocht TF a sholáthar.

<u>Cothabháil</u>

- Cuirfidh an tOifigeach Seirbhísí TF paistí seirbhíse ríthábhachtacha (m.sh., slándáil) i bhfeidhm ar chórais go tráthúil agus uasghrádóidh sé/sí uirlisí riaracháin de réir mar is gá.
- Cabhrú lena chinntiú go bhfuil gach cuid den bhonneagar TFC clúdaithe faoi chonarthaí cothabhála le soláthraithe.
- A chinntiú go bhfuil bonneagar TFC na heagraíochta solúbtha agus é a fheabhsú de réir mar is gá.
- Seomraí ríomhairí, caibinéid chumarsáide, trealamh ríomhairí, agus cáblaí a choinneáil glan agus in ord maith.
- A chinntiú go bhfuil taifead cothrom le dáta ar nósanna imeachta TFC agus eolas riachtanach chun seirbhís TFC a sholáthar.
- I gcomhar leis an bPríomhoifigeach Faisnéise, Pleananna Téarnaimh ó Thubaiste agus córais chúltaca/slándála a thástáil go tréimhsiúil chun a chinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú go héifeachtach.



Séamus Daltún
Déan teagmháil le
seamus@daltun.ie

- Cabhrú leis an bPríomhoifigeach Faisnéise chun a chinntiú go ndéantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar pholasaithe, caighdeáin, agus nósanna imeachta TFC.
- Taifid chruinne a choinneáil ar aon chothabháil a dhéantar ar an mbonneagar TFC.
- Taifead cruinn (Clár Sócmhainní) a choinneáil ar gach trealamh TFC.
- Cabhrú leis an bPríomhoifigeach Faisnéise le déileáil le saincheisteanna a ardaíonn aon iniúchadh TFC.

Soláthar Seirbhíse

- Seirbhísí TFC a sholáthar do bhaill foirne nua agus aon athruithe eile a dhéanamh de réir mar is gá ar fud na heagraíochta.
- Páirt a ghlacadh i dtionscadail TFC agus comhairle a sholáthar ar shaincheisteanna sonracha TFC agus slándála.
- Córais a sholáthar do sheirbhísí agus do thionscnaimh nua.
- Dul i gcomhairle le soláthraithe seachtracha agus comhairleoirí chun bonneagar agus córais nua a chur i bhfeidhm.
- Coinneáil suas chun dáta le forbairtí cibearshlándála.

Eile

- An Ghaeilge a úsáid mar theanga oibre.
- Aon dualgais eile a bhaineann le feidhm seirbhís TF maidir le bainistíocht laethúil, na Teicneoirí, agus tograí speisialta.

**ÚDARÁS NA GAELTACHTA**

**Oifigeach Seirbhísí Teicneolaíocht Faisnéise**

**Próifíl Imlíneach Iarrthóra**

Cáilíochtaí Acadúla

- Oideachas go dtí leibhéal cuí d'Ardoifigeach Feidhmiúchain in eagraíocht Stáit
- Céim i Ríomheolaíocht, Teicneolaíocht Faisnéise, innealtóireacht bogearraí nó réimse gaolmhar

Eolas, Scileanna agus Taithí

**Seo thíos na riachtanais inmhianaithe don phost seo.**

- Taithí chruthaithe ar bhainistíocht agus cothabháil córais TF agus cumarsáide
- Eolas maith ar chórais freastalaí, líonraí stórála, áiseanna cúltaca agus líonraí (WIFI, LAN, leathanbhanda)
- Scileanna maithe i réiteach fadhbanna teicniúla agus ábaltacht fadhbanna a aithint agus a réiteach go tapa
- Taithí ar bhainistíocht cibearshlándála agus ar chosaint i gcoinne víreas, bogearraí mailíseacha agus spíonbhogearraí
- Eolas ar chórais chúltaca agus ar phleananna téarnaimh ó thubaiste
- Taithí ar obair le soláthraithe seachtracha agus comhairleoirí TFC
- Tuiscint ar pholasaithe agus caighdeáin TFC
- Inniúlacht ard sa Ghaeilge (mar theanga oibre)
- Taithí ar thacaíocht a sholáthar d'úsáideoirí i dtimpeallacht ghnó

**Tréithe Pearsanta**

Léireoidh an té a cheapfar inniúlachtaí ábhartha atá forbartha do phostanna san earnáil phoiblí:

- Ábaltacht oibriú go neamhspleách agus faoi bhrú
- Scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta
- Dírithe ar réitigh agus ar sheirbhís den scoth a sholáthar
- Tiomanta d'fhoghlaim leanúnach agus do choinneáil suas chun dáta le forbairtí teicneolaíochta
- Ábaltacht bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar am agus ar thosaíochtaí
- Smaointeoireacht straitéiseach agus ábaltacht pleanála
- Inoiriúnaitheacht agus solúbthacht maidir le hathruithe teicneolaíochta
- Tiomantas d'obair foirne agus do chomhoibriú le comhghleacaithe
- Scil mhaith anailíseach agus ardchumas chun fadhbanna casta teicniúla a réiteach
- Tiomantas do chaighdeáin arda gairmiúla a choinneáil

Tacaíonn an Creat Cumais leis an tSeirbhís Shibhialta agus Phoiblí chun Lucht Saothair na Todhchaí a thógáil. Is é ár n-uaillmhian éagsúlacht daoine a mhealladh, a chumhachtú agus a fhorbairt, le cumas

